# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

An Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 11 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. CAITHFIDH TÚ TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc ar an bPáipéar | |
| Bónas as freagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc ar an Dialann | |
| Móriomlán | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán ar na ceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc ar an bPáipéar' thall. | |



THALL →

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**. **(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)**

**1.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn 'misean' ná ________________________________

______________________________________________________________________________

**2.** Is féidir nós nó cleachtas nuabhunaithe a chur síos mar thraidisiún.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**3.** Léigh liosta na bpaidreacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Mar shampla duit rinneadh paidir amháin a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige léi. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| *Paidreacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| Cré na nAspal | An Búdachas |
| Kiddush | An Chríostaíocht |
| Paritta | An Hiondúchas |
| Rig Veda | An tIoslamachas |
| Takbir | An Giúdachas |

| | *Paidir* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|---|
| *Sampla:* | *Cré na nAspal* | *An Chríostaíocht* |
| *Freagra:* | | |

**4.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an téarma 'foilsiú' ná ________________________

______________________________________________________________________________

**5.** Rinne Iósaf ó Aramatáia Íosa Nazórach a dhaoradh chun báis. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**6.** Is féidir an anabaíocht mhímhorálta a fheiceáil nuair ________________________________

______________________________________________________________________________

**7.** Is é a chiallaíonn an téarma 'dialóg idir-chreidmheach' ná ___________________________

______________________________________________________________________________

**8.** Is é an sainchreideamh Críostaí is mó in Éirinn sa lá atá inniu ann ná - (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

ANGLACÁNACH ☐ MODHACH ☐ CAITLICEACH RÓMHÁNACH ☐

**9.** Cúis amháin le cliseadh pobail ná ______________________________________________

______________________________________________________________________________

**10.** I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a chiallaíonn an téarma 'siosma' ná deighilt nó scoilt laistigh de phobal. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**11.** Céim amháin a bhain le forbairt téacs dhiaga ná scéalta, nathanna cainte agus teagaisc reiligiúin dhomhanda a scríobh síos. Luaigh céim **eile** i dtéacs diaga a fhorbairt.

______________________________________________

**12.** Léigh liosta na bhféilte reiligiúnacha agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan féile reiligiúnach **amháin** a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil baint aige leis.

| *Féilte Reiligiúnacha* | *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|---|
| An Nollaig<br>Díbheálaí (Diwali)<br>Eid-ul-Fitr<br>Hanukkah<br>Vesak/Wesak | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas<br>An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Féile Reiligiúnach* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

**13.** Tá fianaise stairiúil gur mhair Íosa Nazórach le fáil i scríbhinní — (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

HÓISÉ ☐ IÓB ☐ TACITUS ☐

**14.** I bhforbairt chreideamh an duine is é a chiallaíonn an téarma 'machnamh' ná ______________

______________________________________________

**15.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó aige leis an bhfáidh Íseáia? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

**16.** Agus cinneadh á dhéanamh faoi cad atá ceart nó mícheart maidir le saincheist a chiallaíonn 'údarás' caithfear eagna/gaois daoine eile a aithint. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**17.** Luaigh athrú **amháin** atá tagtha ar phatrún an chleachtais reiligiúnaigh in Éirinn le 100 bliain anuas.______________________________________________

______________________________________________

**18.** Is é atá i gceist le caoinfhulaingt a thaispeáint ná meas a bheith agat ar na creidimh dhifriúla atá ag daoine eile. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐

**19.** Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil an bhaint is mó aige le Síve: (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐

**20.** I dtraidisiúin reiligiúnacha, is é is sampla de shacraimint ná ____________________________

______________________________________________

## ROINN 2

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA A GHABHANN LEO. **(Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de dhuine ag léamh as téacs diaga.**



*(Foinse: www.conservapedia.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint go bhfuil an duine seo ag léamh as téacs diaga.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas agus ainmnigh téacs diaga a bhfuil baint aige leis:

AN BÚDACHAS ☐ AN CHRÍOSTAÍOCHT ☐ AN HIONDÚCHAS ☐

AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS ☐

*Ainm an téacs diaga:* ________________________

(6 mharc)

**C.** Tabhair cúis **amháin** a mbreathnaíonn na baill de reiligiún domhanda ar théacs mar théacs diaga.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)

**Ceist 2. Is grianghraf é seo de phobal creidimh.**



(*Foinse: Ken O' Halloran — Irish Independent*)

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint gur baill de phobal creidimh iad na daoine seo.

________________________________________

________________________________________

(6 mharc)

**B.** Ról amháin is féidir le duine a bheith aige i bpobal creidimh ná ról mar cheannaire. Ainmnigh ról **eile** is féidir le duine a bheith aige i bpobal creidimh.

________________________________________

(6 mharc)

**C.** Tabhair cúis **amháin** a mbíonn róil éagsúla ag daoine i bpobal creidimh.

________________________________________

________________________________________

________________________________________

________________________________________

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | | |
|---|---|---|
| | + | = |

**Ceist 3.** **Is grianghraf é seo d'fhoirgneamh ar áit adhartha é do na baill de phobal creidimh.**



*(Foinse: galeri.uludagsozluk.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa ghrianghraf a thugann le tuiscint gur áit adhartha atá san fhoirgneamh seo.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na cineálacha foirgnimh seo a leanas agus ainmnigh an mór-reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige leis:

EAGLAIS ☐ MANDIR ☐ MOSC ☐

SIONAGÓG ☐ TEAMPALL ☐

*Ainm an mór-reiligiún domhanda*: ____________________

(6 mharc)

**C.** Tabhair cúis **amháin** a mbíonn baill de reiligiún domhanda ag adhradh i gcineál áirithe foirgnimh.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

**Ceist 4.** **Siombail den cheartas atá sa léaráid seo.**



*(Foinse:www.patheos.com)*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** sa léaráid a thugann le tuiscint go léiríonn an tsiombail seo an ceartas.

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**B.** I dtraidisiún reiligiúnach is é a chiallaíonn an téarma 'ceartas' ná —

______________________________________________

______________________________________________

(6 mharc)

**C.** Tabhair cúis **amháin** a n-oibríonn na baill de phobal creidimh ar son an cheartais.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

LÉIGH AN SCÉAL THÍOS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR INA DHIAIDH.



Bhí bean ghaoismhear ann tráth a raibh cónaí uirthi i mbaile beag. Chuir a cuid gaoise ionadh ar pháistí an bhaile. Aon lá amháin shocraigh cuid de na leanaí go ndéanfaidís an bhean a thástáil. Chreid siad nach bhféadfadh aon duine a bheith chomh gaoismhear agus a dúradh a bhí sise, agus theastaigh uathu é seo a chruthú. Dá bhrí sin, fuair na páistí éan óg agus rug duine acu air ina lámha agus dúirt: "Fiafróimid di cé acu beo nó marbh é an t-éan atá agam i mo lámha. Má deir sí go bhfuil sé marbh, osclóidh mé mo lámha agus ligfidh mé dó imeacht ar eitilt." Ansin, chuaigh na páistí go dtí an bhean agus d'fhiafraigh duine acu di: "An t-éan seo i mo lámha — an bhfuil sé beo nó marbh?" D'éirigh an bhean an-chiúin inti féin, scrúdaigh sí lámha an pháiste, agus ansin d'fhéach sí idir an dá shúil air. Mar fhreagra ar an gceist a cuireadh uirthi ba é a dúirt sí ná:. "Tá sé i do lámha-sa – fútsa atá cé acu beo nó marbh atá an t-éan." D'fhéach an páiste ar a lámha le hiontas. Ansin scaoil sé a ghreim ar an éan agus lig dó imeacht ar eitilt.

(*Curtha in oiriúint as Saint Mary's Press & C. Heyward - Touching Our Strength, leathanach 73*)

**1.** Ón léamh atá déanta agat ar an scéal seo, tabhair breac-chuntas ar an mbrí a bhainfeadh an páiste a cheistigh an bhean as an bhfreagra a thug sí, "Tá sé i do lámha-sa …".

(14 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

**2.** ● ROGHA ● SAOIRSE ● IONRACAS

Roghnaigh ceann **amháin** díobh seo thuas agus déan cur síos ar shampla den chaoi ar féidir é a fheiceáil sa scéal seo.

(14 mharc)

**3.** Mínigh slí amháin ar féidir an ceangal idir ghníomhartha agus iarmhairtí a fheiceáil sa scéal seo.

(14 mharc)

**4.** ● CAIRDE ● REILIGIÚN

Tabhair breac-chuntas ar an gcaoi a bhféadfadh **gach** ceann díobh sin thuas dul i bhfeidhm ar thuiscint an duine faoi cad atá ceart agus faoi cad atá mícheart.

(18 marc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)**

### Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

**A.** a. I dtraidisiún reiligiúnach is é atá i gceist le gairm a bheith agat ná glaoch chun freastal ar Dhia agus ar dhaoine eile. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (8 marc)

b. ● FÍS INSPIORÁIDEACH ● SEANMÓIREACHT

Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht le **gach** ceann díobh seo thuas do na baill de phobal creidimh sa lá atá inniu ann.

(12 mharc)

**B.** a. Is é a chiallaíonn an seiteachas ná fuath do dhuine eile mar gheall ar —

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

AOIS ☐ INSCNE ☐ REILIGIÚN ☐ (8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

b. Tabhair breac-chuntas ar an **dá** éifeacht is féidir a bheith ag an seiteachas ar shaol daoine sa lá atá inniu ann.


i. ___

ii. ___

(12 mharc)

**Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN — AN CHRÍOSTAÍOCHT**

**A.** a. Ainmnigh an mhuir marcáilte **i)**, an abhainn marcáilte **ii)** agus an chathair marcáilte **iii)**, ar léarscáil na Palaistíne ar dheis:




*(Foinse: Curtha in oiriúint ó Shoiscéal Mharcais Heinemann)*

(9 marc)

b. Déan cur síos ar eachtra i saol Íosa a tharla i gceann **amháin** de na háiteanna atá ainmnithe agat ar léarscáil na Palaistíne thuas.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(10 marc)

**B.** a. Léigh ainmneacha na ngrúpaí reiligiúnacha seo a leanas agus liosta na bhfreagairtí do riail na Róimhe sa Phalaistín le linn ré Íosa thíos. Déan gach grúpa reiligiúnach a mheaitseáil leis an tslí ar fhreagair sé do riail na Róimhe. Rinneadh grúpa reiligiúnach amháin a mheaitseáil lena fhreagairt mar shampla duit.

*Grúpaí Reiligiúnacha:*

| *Freagairtí do riail na Róimhe:* | NA hEISÉANAIGH | NA FAIRISÍNIGH | NA SADÚCAIGH | NA DÍOGRAISEOIRÍ |
|---|---|---|---|---|
| ● GHLAC SIAD AGUS D'OIBRIGH SIAD LEIS NA RÓMHÁNAIGH. | | | | |
| ● POBAIL SA DÍTHREABH; SCARTHA AMACH Ó RIAIL NA RÓIMHE. | | | | |
| ● NÍOR CHOMHOIBRIGH SIAD LEIS NA RÓMHÁNAIGH; DHÍRIGH SIAD AR DHLÍTHE NA nGIÚDACH. | | ✓ | | |
| ● D'FHREAGAIR SIAD LE FORÉIGEAN DO RIAIL NA RÓIMHE. | | | | |

(9 marc)

b. Déan cur síos ar cad a tharla ar ócáid **amháin** nuair a bhuail Íosa leis na Rómhánaigh a bhí ina gcónaí sa Phalaistín.

(12 mharc)

## Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN — NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** a. Is é is cré ann ná ráiteas creidimh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (8 marc)

b. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a bhfuil staidéar déanta agat air:

☐ AN BÚDACHAS ☐ AN HIONDÚCHAS ☐ AN tIOSLAMACHAS ☐ AN GIÚDACHAS

Tabhair breac-chuntas i d'fhocail féin ar **dhá** chreideamh reiligiúnacha a luaitear leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

**B.** a. Léigh liosta na n-áiteanna oilithreachta agus liosta na reiligiún domhanda thíos. Déan áit oilithreachta **amháin** a mheaitseáil leis an reiligiún domhanda a bhfuil an bhaint is mó aige léi.

| *Áiteanna Oilithreachta* |
|---|
| Kusinara |
| Má Arafat |
| Balla an Olagóin |
| Varanasi |

| *Reiligiúin Dhomhanda* |
|---|
| An Búdachas |
| An Hiondúchas |
| An tIoslamachas |
| An Giúdachas |

*Freagra:*

| *Áit Oilithreachta* | *Reiligiún Domhanda* |
|---|---|
| | |

(8 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

b. ◆ AN BÚDACHAS ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS

Mínigh **dhá** chúis a dtugann oilithrigh cuairt ar áit a bhfuil baint aici le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda thuas.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

**Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH**

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é atá i gceist leis an téarma 'iontaoibh' ná muinín a bheith agat in ionracas duine nó ruda. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

FÍOR ☐ BRÉAGACH ☐ (8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an chaoi ar féidir leis an iontaoibh ról a imirt i bhforbairt chreideamh an duine.



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

(12 mharc)

**B.** a. AN BÚDACHAS ◆ AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆ AN HIONDÚCHAS ◆ AN tIOSLAMACHAS ◆ AN GIÚDACHAS ◆

*Sampla amháin de dhuine a léirigh tiomantas reiligiúnach le linn a saoil ba ea an Mháthair Teresa as Calcúta.*

Ainmnigh duine **eile**, a bhfuil baint aige/aici le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda atá ar an liosta thuas, a léirigh tiomantas reiligiúnach le linn a s(h)aoil.

*AINM:*____________________ *REILIGIÚN DOMHANDA:*____________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** den chaoi ar taispeánadh tiomantas reiligiúnach i saol an duine atá ainmnithe agat i *gcuid B a)* thuas.

(12 mharc)

## Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

**A.** a. *Is áit í Cruach Phádraig i gContae Mhaigh Eo ina léiríonn daoine sa lá atá inniu ann a gcreideamh reiligiúnach.*

Ainmnigh áit **eile** ar leith in Éirinn ina léiríonn daoine sa lá atá inniu ann a gcreideamh reiligiúnach.

(8 marc)

b. Mínigh cúis **amháin** a dtéann daoine sa lá atá inniu ann chuig an áit atá ainmnithe agat thuas chun a gcreidimh reiligiúnacha a chur in iúl.

(10 marc)

c. Déan cur síos ar shlí **amháin** a gcuireann daoine sa lá atá inniu ann a gcreideamh reiligiúnach in iúl san áit atá ainmnithe agat i *gcuid A a)* thuas.

(10 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**B.** Mínigh **dhá** chúis a mbíonn deacrachtaí ag daoine sa lá atá inniu ann urnaí a dhéanamh.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(12 mharc)

## Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

**A.** a. I dtraidisiúin reiligiúnacha téann an duine i muinín a c(h)oinsiasa chun **—**

______________________________

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar a bhfuil i gceist in **dhá** chéim a ghlacann an duine agus cinneadh morálta á dhéanamh aige/aici.

i. ______________________________



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|
| | |

ii.

(12 mharc)

**B.** a. I dtraidisiún reiligiúnach is é a chiallaíonn 'síocháin' ná —

(8 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi a bhfuil pobal creidimh ag obair ar son na síochána.

(12 mharc)